Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14751/22**

**AGRI 633**
**AGRIFIN 133**
**FIN 1216**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Samhain 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13896/22 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 12/2022 dar teideal 'Marthanacht san fhorbairt tuaithe - Tá formhór na dtionscadal fós oibríochtúil don tréimhse is gá, ach tá deiseanna ann chun torthaí níos buanfasaí a bhaint amach'<br>- *Council conclusions* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

*Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, maidir lena Tuarascáil Speisialta 12/2022 dar teideal teideal'Marthanacht san fhorbairt tuaithe - Tá formhór na dtionscadal fós oibríochtúil don tréimhse is gá, ach tá deiseanna ann chun torthaí níos buanfasaí a bhaint amach'*

a ghlac an Chomhairle ag an 3905ú cruinniú a bhí aici, an 8 Samhain 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, maidir lena Tuarascáil Speisialta 12/2022 dar teideal *'Marthanacht san fhorbairt tuaithe - Tá formhór na dtionscadal fós oibríochtúil don tréimhse is gá, ach tá deiseanna ann chun torthaí níos buanfasaí a bhaint amach'***

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2022 ón gCúirt dar teideal 'Marthanacht san fhorbairt tuaithe - Tá formhór na dtionscadal fós oibríochtúil don tréimhse is gá, ach tá deiseanna ann chun torthaí níos buanfasaí a bhaint amach', ina scrúdaíodh an ndearna an Coimisiún agus na Ballstáit gníomhaíochtaí chun infheistíochtaí ábhartha forbartha tuaithe a stiúradh, go háirithe infheistíochtaí a bhaineann le héagsúlú agus bonneagar, i dtreo tionscadail a bhfuil tairbhí fadtéarmacha ag baint leo;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt don Choimisiún caiteachas a dhíriú níos fearr ar thionscadail inmharthana; na rioscaí a mhaolú a bhaineann le hatreorú sócmhainní maoinithe chuig úsáid phearsanta; agus leas a bhaint as acmhainneacht na mbunachar sonraí mór le haghaidh meastóireachta, rud a nglacann an Coimisiún leis;

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI fionnachtana na Cúirte gur gnách go mbaineann tionscadail an tréimhse mharthanachta dhlíthiúil amach; go bhfuil formhór na dtionscadal a scrúdaíodh fós i mbun oibríochta tar éis a dtréimhse marthanachta; agus gur tháinig feabhas ar cháilíocht na nósanna imeachta roghnúcháin do chlárthréimhse 2014-2020 i gcomparáid le clárthréimhse 2007-2013;

4. CUIREANN SÍ I dTREIS an t-idirdhealú idir urramú na tréimhse marthanachta atá riachtanach de réir dlí agus an measúnú ar thionchar fadtéarmach na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht agus a bheidh fós i mbun oibríochta tar éis na tréimhse a éilítear de réir dlí agus MEABHRAÍTEAR DI nach bhfuil aon bhunús dlí ann chun faireachán córasach a dhéanamh ar oibriú na dtionscadal tar éis na an tréimhse marthanachta a cheanglaítear de réir dlí, rud a chruthódh ualach riaracháin iomarcach;

5. ADMHAÍONN SÍ gur cheart an nós imeachta roghnúcháin a fheabhsú a thuilleadh agus go bhfuil tionchar fadtéarmach na dtionscadal a dtugtar tacaíocht dóibh ríthábhachtach don fhorbairt tuaithe; ina theannta sin, bíonn an fhorbairt tuaithe ag brath go pointe níos lú ar roinnt fachtóirí seachtracha, amhail treochtaí maicreacnamaíocha agus géarchéimeanna nach féidir le nósanna imeachta roghnúcháin tionchar a imirt orthu; gur cheart scrúdú a dhéanamh ar na tréimhsí marthanachta maidir lena dtionchar ar fhorbairt tuaithe;

6. MEASANN SÍ go bhféadfadh éagsúlú fadtéarmach a bheith mar thoradh ar bhearta éagsúlaithe i gceantair thuaithe agus go bhfuil gá le hanailís bhreise chun measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht eacnamaíoch na dtionscadal a dtugtar tacaíocht dóibh;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaí tacaíocht a chur ar fáil i bhfoirm ionstraimí airgeadais, amhail iasachtaí agus ráthaíochtaí, go háirithe d'infheistíochtaí atá inmharthana go heacnamaíoch agus a ghineann ioncam;

8. MEABHRAÍTEAR DI go bhforáiltear do thacaíocht do thionscadail chomhchosúla faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) nua 2023-27 i gcomhréir leis 'an tSamhail Nua Seachadta', lena bhfágtar níos mó solúbthachta ag na Ballstáit chun tacaíocht a phleanáil agus coinníollacha cabhrach a bhunú de réir a gcuid riachtanas agus de réir an chomhthéacs náisiúnta. Is faoi na Ballstáit atá sé na ceanglais ábhartha mharthanachta is iomchuí do na cineálacha éagsúla oibríochtaí a mholadh ina bPleananna Straitéiseacha CBT.